**RABHADH**

**Ní mór duit an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

**(180 MARC)**

**DÉ CÉADAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 – 4.30**

**STAMPA AN IONAID**

**SCRÚDUIMHIR:**

**FREAGAIR GACH CEIST, 1, 2, 3, 4,5 AGUS 6**
**FREAGAIR 1, 2 AGUS 3 SNA SPÁSANNA AR AN SCRÚDPHÁIPÉAR**
**FREAGAIR 4, 5 AGUS 6 I DO FHREAGARLEABHAR**

**CUIR AN PÁIPÉAR SEO ISTEACH LE DO FHREAGARLEABHAR**

**[Thall**

## 1. PICTIÚIR
(15 mharc)

Déan staidéar ar na pictiúir - **A, B agus C** - a ghabhann leis an bpáipéar agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **PICTIÚR A**

*I bpictiúr A taispeántar cartlannaithe ag obair le doiciméid.*

(i) Tabhair píosa **amháin** fianaise ón bpictiúr a thaispeánann go bhfuil an-chúram á dhéanamh de chosaint na ndoiciméad.

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................(1)

(ii) Luaigh **dhá** chineál doiciméid ar foinsí príomha iad agus a mbeifeá ag súil iad a fháil i gcartlann.

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................(2)

(iii) Maidir le staidéar ar an stair, mínigh an téarma *croineolaíocht.*

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................(2)

(*b*) **PICTIÚR B**

*Is portráid de Dhiúc Urbino é pictiúr B – pátrún an ealaíontóra Athbheochana Piero Della Francesca.*

(i) Seachas Diúc Urbino, luaigh pátrún tábhachtach **amháin** de chuid na hAthbheochana.

..........................................................................................................................................(1)

(ii) Tabhair **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann gur pictiúr ón Athbheochan é pictiúr B.

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................

..........................................................................................................................................(2)

(iii) Cén fhianaise atá i bpictiúr B a thacaíonn leis an tuairim gur fear rachmasach a bhí san Diúc Urbino?

..........................................................................................................................................

.......................................................................................................................................... (2)

*(c)* **PICTIÚR C**

*Pictiúr C* 'Men of the South' *le Seán Keating. Taispeánann an pictiúr seo grúpa fear de chuid an IRA le linn Chogadh na Saoirse 1919-1921.*

(i) Cén fhianaise atá i bpictiúr C a thugann le tuiscint nach saighdiúirí gairmiúla iad na fir?

………………………………………………………………………………………………..........

………………………………………………………………………….......................................(1)

(ii) Luaigh **dhá** bheart a ghlac rialtas na Breataine le linn Chogadh na Saoirse chun iarracht a dhéanamh an tIRA a bhualadh.

..........................................................................................................................................

……………………………………………………………………………………………….....

………………………………………………………………………….....................................(2)

(iii) Tabhair **dhá** théarma den Chonradh Angla-Éireannach 1921.

……………….…………………………………………………………………………….........

……………………………………………………………………………………………….......

……………………………………………………………………....................................................(2)

**2. DOICIMÉID**
(15 mharc)

Léigh an **dá** dhoiciméad, **1** agus **2,** a ghabhann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna seo a leanas:

*(a)* **DOICIMÉAD 1**

*Cur síos William Lithgow ar auto-da-fé (loscadh ag an stáca), pionós a cuireadh i bhfeidhm ar ordú ón gCúirt Chúistiúnachta le linn an séú céad déag.*

(i) Cá mhéad de na príosúnaigh daortha a bhí ina bProtastúnaigh?

..........................................................................................................................(1)

(ii) Luaigh pionós **amháin** a cuireadh ar na Giúdaigh agus ar na Banghiúdaigh.

.......................................................................................................................... (1)

(iii) Cén fáth a ndeachaigh na sagairt suas an dréimire leis na príosúnaigh daortha?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(1)

(iv) Tabhair **dhá** phíosa fianaise a thaispeánann go raibh bá ag William Lithgow leis na príosúnaigh?

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................

..........................................................................................................................(2)

(v) Ainmnigh **dhá** thír a bhunaigh Cúirteanna Cúistiúnachta le linn an Fhrith-Reifirméisin chun stop a chur le scaipeadh an Phrotastúnachais.

.......................................................................................................................... (2)

*(b)* **DOICIMÉAD 2**

*Óráid an Taoisigh, Jack Lynch, chuig an náisiún mar fhreagairt do na droch-chíréibeacha agus na himeachtaí foréigneacha i dTuaisceart Éireann i samhradh na bliana 1969, a craoladh ar Theilifís RTÉ, 13 Lúnasa 1969.*

(i) Cá raibh na himeachtaí tragóideacha ag tarlú?

……………………………………………………………………………………………………… (1)

(iii) Cad a tharla do spiorad an leasaithe agus don chomhoibriú idir phobail?

……………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………..(1)

(iii) '*Ní féidir le rialtas na hÉireann seasamh i leataobh níos mó.*' Tabhair **dhá** chúis go gceapann Jack Lynch go mb'fhéidir go gcaithfeadh rialtas na h Éireann gníomhú.

……………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………..(2)

(iv) Cén **dá** iarraidh a dhéanann Jack Lynch ar rialtas na Breataine?

……………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………….

……………………………………………………………………………………………………..(2)

(v) Ainmnigh an eagraíocht a bunaíodh i 1967 chun a éileamh go gcuirfí deireadh le leatrom agus go mbeadh cearta sibhialta ag gach duine i dTuaisceart Éireann.

………………………………………………………………………………………………………(2)

## 3. CEISTEANNNA GEARRFHREAGRA
(20 marc)

Freagair **DEICH** gcinn de na ceisteanna seo a leanas. Is fiú 2 mharc an ceann iad.

(i) Ainmnigh **dhá** uirlis a d'úsáidfeadh seandálaí chun láthair a thochailt.

…………………………………………………………………………………………………. (2)

(ii) Ainmnigh **dhá** chineál tuama in Éirinn Neoiliteach.

……………………………………………………………………………………………………. (2)

(iii) Mínigh **dhá** cheann de na téarmaí seo a leanas a bhaineann le hÉirinn anallód.

*Ogham;* *Fulachta Fiadh;* *Crannóg.*

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………….(2)

(iv) Tabhair **dhá** thoradh thábhachtacha a bhí ar theacht na Normannach go hÉirinn.

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………….(2)

(v) Cad iad na feidhmeanna a bhí ag gild sna meánaoiseanna?

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………….(2)

(vi) Sa mhainistir mheánaoiseach cén ról a bhí ag an *almsóir*?

…………………………………………………………………………………………………….(2)

(vii) Tabhair **dhá** thoradh a bhí ar fhorbairt an chlóphreasa.

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………….(2)

(viii) Ainmnigh scríbhneoir **amháin** ón Athbheochan agus ceann **amháin** de shaothair an scríbhneora sin.

Scríbhneoir: ..………………… Saothar: …………………………………………….. (2)

(ix) Roghnaigh ceann **amháin** de na réabhlóidí (Meiriceá **nó** an Fhrainc **nó** Éire) 1770-1815 agus tabhair **dhá** chúis leis an réabhlóid sin.

……………………………………………………………………………………………………...

…………………………………………………………………………………………………….(2)

(x) Mínigh bealach **amháin** a raibh tionchar ag Réabhlóid na Fraince ar Éirinn.

…………………………………………………………………………………………………….

…………………………………………………………………………………………………….(2)

(xi) Luaigh **dhá** fhadhb mhóra a bhí rompu siúd a chónaigh i mbailte tionsclaíocha i Sasana go luath sa naoú haois déag.

…………………………………………………………………………………………………....

........................................……………………………………………….......................................(2)

(xii) Cén fáth a raibh drogall fiú ar na daoine ba bhoichte dul isteach i dteach na mbocht in Éirinn sna 1840idí?

……………………………………………………………………………………………………

……………………………………..............................................................................................................(2)

(xiii) Cad ba chiall le Cliseadh Wall Street, 1929?

………..………………………………………………………………………………………………

…………………………………………………………………….....................................................(2)

(xiv) Luaigh **dhá** ghníomh a rinne Cumann na nGaedheal chun dlí agus ord a bhunú i Stát nua na hÉireann 1923-1932.

…………………………………………………………………………………………………......

........................................……………………………………………….............................................(2)

(xv) Cén ceannaire Iodálach ar tugadh Il Duce air?

…………………………………………………………………….........................................................(2)

(xvi) I mí na Samhna 1938, cad a tharla le linn *Kristallnacht* sa Ghearmáin?

…………………………………………………………………………………………………..

…………………………………………………………………….................................................(2)

(xvii) Le linn na hÉigeandála cad ba chiall leis an *Scéim Curaíochta Éigeantaí?*

…………………………………………………………………………………………………......

........................................……………………………………………………………………………(2)

(xviii) Mínigh ceann **amháin** de na téarmaí seo a leanas ó Chaidreamh Idirnáisiúnta san Fhichiú hAois:

*Cuirtín iarainn;* *Conradh na Róimhe;* *Impiriúlachas.*

………………………………………………………………………………………………………

……………………………………..............................................................................................................(2)

(xix) Luaigh cinneadh **amháin** a rinne ceannairí na gComhghuaillithe ag Comhdháil Yalta, 1945.

…………………………………………………………………………………………………......

........................................……………………………………………….............................................(2)

(xx) Ainmnigh **beirt** a bhí ina gceannairí ar Fhine Gael ó 1934.

…………………………………………………………………………………………………… (2)

**FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO A LEANAS, 4, 5 AGUS 6 I bhFREAGARLEABHAR FAOI LEITH**

## 4. PEARSANA SA STAIR
(40 marc)

**Freagair A agus B**

**A.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Manach i mainistir in Éirinn i dtús Ré na Críostaíochta. (20)

(ii) Tiarna **nó** bantiarna caisleáin sa mheánaois. (20)

(iii) Leasaitheoir creidimh, **a ainmníonn tú**, in aimsir an Reifirméisin. (20)

**AGUS**

**B.** Roghnaigh duine **amháin** díobh sin atá luaite thíos. Scríobh mar gheall ar an duine sin.

(i) Ceannaire, **a ainmníonn tú**, ar aistear farraige le linn Ré na Fionnachtana. (20)

(ii) Oibrí feirme le linn na Réabhlóide Talmhaíochta. (20)

(iii) Tuairisceoir nuachta ag cur síos ar cheann **amháin** de na géarchéimeanna sa Chogadh Fuar, 1945-1963 (Imshuí Bheirlín; Cogadh na Cóiré; Géarchéim Diúracán Chúba). (20)

**NÓ**


Staraí ag cur síos ar na príomhimeachtaí sa ghluaiseacht i dtreo aontas na hEorpa, 1945-1992. (20)

**NÓ**

Duine a thacaíonn le gluaiseacht neamhspleáchais i dtír Afracach nó Áiseach, **a ainmníonn tú**, tar éis 1945. (20)


**5. PLANDÁLACHA IN ÉIRINN** (30 marc)

**FOINSE D**




www.ulsterheritage.com

**FOINSE E**



Greanadh de Chaisleán na Cathrach, Cúige Mumhan, 1599

www.bl.uk

**FOINSE F**

*Coinníollacha do ghealltóirí Briotanacha a bhí ag fáil talún le linn Phlandáil Uladh, 1610.*

'Tógfaidh gealltóirí a fhaigheann sciar mór talún teach cloiche le cúirt láidir nó bábhún timpeall air laistigh de thrí bliana. Tógfaidh gach gealltóir a fhaigheann sciar measartha talún teach cloiche nó brící le cúirt láidir nó bábhún timpeall air. Agus tógfaidh gach gealltóir a fhaigheann sciar beag talún cúirt láidir nó bábhún ar a laghad.'

Foinse: 'We declare: Landmark Documents in Ireland's History', Aldous & Puirséil, Quercus.

**A. Foinse D**

(i) Cad ba chiall leis an bPáil atá marcáilte le X i **bhFoinse D**? (2)

(ii) Roghnaigh ceann **amháin** de na plandálacha a thaispeántar i **bhfoinse D** agus ainmnigh an rialtóir a bhí freagrach as an bplandáil sin. (2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis ar thosaigh rialtóirí Briotanacha beartas plandála in Éirinn. (4)

**B. Foinsí E agus F**

(i) Cad a chaithfidh na gealltóirí a fhaigheann an sciar is mó talún a dhéanamh? (2)

(ii) Cad ba bhábhún ann? (2)

(iii) Cén fáth a gceapann tú go raibh sé riachtanach do ghealltóirí tithe láidre nó caisleáin a thógáil mar an ceann a thaispeántar i **bhfoinse E**? (2)

**C.** Ainmnigh plandáil a ndearna tú staidéar uirthi agus scríobh faoin tionchar a bhí ag an bplandáil sin ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Smacht polaitiúil.
(b) Reiligiún.
(c) Cultúr agus gnásanna. (8 x 2)

**6.** Freagair **dhá** cheann de na ceisteanna seo a leanas, **A, B, C, D.** (60 marc)

## (A) SIBHIALTACHT ÁRSA – LASMUIGH D'ÉIRINN

(i) Ainmnigh rialtóir nó ceannaire a bhí bainteach leis an tsibhialtacht **a ainmníonn tú** agus a ndearna tú staidéar uirthi. (2)

(ii) Luaigh **dhá** fhoinse phríomha trínar thángthas ar eolas faoin tsibhialtacht seo. (2 x 2)

(iii) Luaigh **dhá** phríomhéacht de chuid na sibhialtachta sin. (2 x 2)

(iv) Scríobh cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas sa tsibhialtacht **a ainmníonn tú**:

(a) Tithíocht.
(b) Gnásanna adhlactha.
(c) Saol an teaghlaigh. (10 x 2)

## (B) ATHRÚ SÓISIALTA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) I do fhreagarleabhar, líon isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas (1)-(6).
Ba chóir duit an uimhir chruinn a chur ar na focail ach ní gá duit na habairtí a athscríobh.
**Ná freagair an cheist seo ar do scrúdpháipéar.**

(1) I 1919 ba í an Chuntaois Markievicz an chéad bhean a bhí mar a........... rialtais i nDáil Éireann.

(2) Thug Bunreacht na hÉireann 1922 ceart v............... do mhná os cionn 21 bliain d'aois.

(3) Mhol an Coimisiún um S................ na mBan 1972 bealaí chun deireadh a chur le héagothroime.

(4) Cuireadh i leataobh an t…….... pósta a chuir iallach ar mhná pósta poist sa státseirbhís a thabhairt suas tar éis dóibh pósadh.

(5) D'eisreachtaigh an tAcht um C............ Fostaíochta 1977 leithcheal ar bhun inscne nó stádais pósta.

(6) Ba í Mary Robinson an chéad bhean a ndearnadh U............. na hÉireann di i 1990.
(1 x 6)

(ii) Maidir le hathrú sóisialta, luaigh **dhá** iarmhairt a bhain le tabhairt isteach an idirlín ó na 1990idí i leith. (2 x 2)

(iii) Scríobh faoi athruithe in **dhá** cheann de na réimsí seo a leanas ó 1945 i leith.

(a) Iompar.
(b) Tithíocht.
(c) Spórt agus fóillíocht. (10 x 2)

## (C) FORBAIRTÍ POLAITIÚLA IN ÉIRINN NA FICHIÚ hAOISE

(i) Luaigh **dhá** bhealach inar chuir Aontachtaithe i gcoinne an Rialtas Dúchais a thabhairt isteach d'Éirinn go luath san fhichiú haois. (2 x 2)

(ii) Roghnaigh **triúr** acu seo thíos agus déan cur síos achomair ar an mbaint a bhí acu le hÉirí Amach na Cásca 1916:

*Eoin Mac Néill; Séamas Ó Conghaile; Pádraig Mac Piarais; Roger Casement; Éamon de Valera.* (2 x 3)

(iii) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) An Cogadh Cathartha, 1922-23.
(b) An Cogadh Eacnamaíoch, 1932-1938.
(c) An Scéim Mháthar agus Linbh, 1951. (10 x 2)

## (D) AN CAIDREAMH IDIRNÁISIÚNTA SAN FHICHIÚ hAOIS

(i) Maidir le Conradh Versailles cad a bhí i gceist leis an *gClásal Ciontachta Cogaidh?* (2)

(ii) Mínigh **dhá** cheann díobh seo a leanas maidir le riail Hitler sa Ghearmáin:

*Oíche na Sceana Fada; An tAcht Údaraithe; An SS; Dlíthe Nűremberg.* (2 x 2)

(iii) Tabhair **dhá** chúis a raibh mórchumhachtaí na hEorpa sásta cead a chinn a thabhairt do Hitler le linn na 1930idí. (2 x 2)

(iv) Tabhair cuntas ar **dhá** cheann díobh seo a leanas:

(a) Cath na Breataine.
(b) Oibríocht Barbarossa.
(c) Dul i dtír D-Day. (10 x 2)